

1. Tá mála agam. I have a bag.  
Níl mála agam. I don't have a bag.  
An bhfuil mála agat? Do you have a bag?  
Nach bhfuil mála agat? Don't you have a bag?  
  
Tá. Yes (after question with an bhfuil).  
Níl. No (after question with an bhfuil).
2. Bhí mála agam. I had a bag.  
Ní raibh mála agam. I didn't have a bag.  
An raibh mála agat? Did you have a bag?  
Nach raibh mála agat? Didn't you have a bag?  
  
Bhí. Yes (after question with an raibh).  
Ní raibh. No (after question with an raibh).

Tá ... agam	I have ...	Tá ... againn	We have ...
Tá ... agat	You have ...	Tá ... agaibh	Ye have ...
Tá ... aige	He has ...	Tá ... acu	They have ...
Tá ... aici	She has ...	Tá ... ag Seán	Sean has ...

3. Fáilte isteach. Welcome in.  
  
Cad ba mhaith leat? What would you like?  
Ar mhaith leat tae? Would you like some tea?  
  
Ba mhaith. Yes.  
Níor mhaith. No.  
  
Ba mhaith liom tae. I'd like some tea.  
Níor mhaith liom tae. I wouldn't like tea.  
  
Ar mhaith leat siúcra leis? Would you like sugar with it?  
Ba mhaith liom le siúcra é. I would like it with sugar.  
Ba mhaith liom tae le huachtar. I'd like tea with cream.  
Ar mhaith leat siúcra nó uachtar? Would you like sugar or cream?  
  
Ar mhaith leat aon rud eile? Would you like anything else?

4. foireann team  
a fhoireann a haon team number one  
a haon number one  
a dó number two  
a trí number three  
a ceathair number four  
a cúig number five  
a sé number six
5. le do thoil / le bhur dtoil please (one person / several people)  
Seo duit. / Seo daoibh. Here you are (one person / several people).  
Go raibh maith agat. Thank you (one person).  
Go raibh maith agaibh. Thank you (several people).  
Go raibh míle maith agat. Thanks a lot [a thousand thanks].  
Tá fáilte romhat/Fáilte. You're welcome.  
Tá brón orm. I'm sorry.  
freisin too  
ach but  
aon duine anyone
- Tá ceann (amháin) againn. We have one.  
Tá dhá cheann againn. We have two.  
Tá trí cinn againn. We have three.  
Tá siad go léir againn. We have them all.  
Níl ceann ar bith againn. We don't have one at all.  
Níl ach ceann amháin againn. We only have one.  
Bhí sé againn, ach níl sé againn anois. We had it, but we don't have it now.

**Comhrá 1**

A: An bhfuil peann agat?

B: Níl. Ach, tá peann luaidhe agam.

**Comhrá 2**

A: An bhfuil tae agat?

B: Níl. Bhí tae agam ar maidin,  
ach níl tae agam anois.

A: An raibh caife agat freisin?

B: Bhí, agus tá sé agam go fóill.

**Comhrá 3**

A: An bhfuil peann ag aon duine?

B: Níl. Ach, tá peann luaidhe ag Máire.

A: An bhfuil clúdach litreach aici freisin?

B: Tá. Tá ceann aici.

**Comhrá 4**

S: Dia duit, a Mháire.

M: Dia 's Muire duit, a Sheáin.

S: Cén chaoi a bhfuil tú?

M: Tá mé go maith, ach tá tart orm.

S: An raibh tú amuigh?

M: Bhí, agus ní raibh uisce agam.

S: Ar mhaith leat cupán líomanáide?

M: Ba mhaith, le do thoil.

S: ... Seo duit.

M: Go raibh maith agat.

S: Tá fáilte romhat.

M: ... An bhfuil naipcín agat?

S: Tá. Seo duit.

M: Go raibh míle maith agat.

S: ... Slán leat, a Mháire.

M: Slán agat.

**Conversation 1**

Do you have a pen?

No, but I have a pencil.

**Conversation 2**

Do you have any tea?

No. I had tea in the morning,  
but I don't have any tea now.

Did you have coffee too?

Yes, and I still have it.

**Conversation 3**

Does anyone have a pen?

No, but Mary has a pencil.

Does she have an envelope too?

Yes, she has one.

**Conversation 4**

Hi, Mary.

Hi Sean.

How are you?

I'm fine, but I'm thirsty.

Were you outside?

Yes, and I didn't have water.

Would you like a cup of lemonade?

I would, please.

... Here you are.

Thank you.

You're welcome.

... Do you have a napkin?

Yes. Here you are.

Thanks a lot.

Bye, Mary.

Goodbye.